# BA sa Ghaeilge

Roinn na Gaeilge
Ollscoil na Gaillimhe

# Leabhrán Eolais an Dara Bliain (2BA)

# Clár


Fáilte go dtí an Dara Bliain! ..... 3

Sonraí teagmhála fhoireann Roinn na Gaeilge ..... 5

An Dara Bliain 2025-2026: Amchlár ..... 9

Modúil 2BA – Marcanna ..... 11

NG227 agus NG228 ..... 12

Teanga na Nua-GhaeilgeI agus Teanga na Nua-Ghaeilge II ..... 12

NG2100: An tSochtheangeolaíocht (Seim. 1) ..... 13

NG2101: An Gearrscéal sa Ghaeilge (Seim. 1) ..... 14

NG2109: Téamaí i Nuafhilíocht na Gaeilge (Seim. 2) ..... 15

Modúil 2BA – Modúil Roghnacha ..... 16

NG2102: Scannánaíocht na Gaeilge ..... 16

NG2013: Teanga na Sean-Ghaeilge ..... 16

NG2104: Na Meáin Chumarsáide agus an Ghaeilge ..... 17

NG2107: Ainmneacha, Sloinnte agus Logainmneacha na hÉireann ..... 17

NG2108: Canúint agus Caighdeán ..... 18

NG2113: An Chaointeoireacht i dTraidisiún na Gaeilge ..... 19

MA2104: An Mhatamaitic don Inbhunaitheacht ..... 19

Treoirlínte maidir le Scríobh Aistí i Roinn na Gaeilge ..... 20

Bileog Stíle/Treoir faoi Thagairtí ..... 22

A. Tagairtí agus Píosaí Athfhriotail (san aiste féin) ..... 22

B. Leabharliosta (Liosta foinsí ag deireadh an téacs) ..... 23

Polasaí maidir le Spriocdhátaí agus Measúnú Leanúnach ..... 26

Polasaí maidir le Bradaíl/Tagairtí a úsáid ..... 27

# Fáilte go dtí an Dara Bliain!


Tá súil agam go mbainfidh tú taitneamh agus tairbhe as an mbliain úr acadúil, agus tá súil ar leith agam go n-éireoidh go geal leat i gcúrsa na bliana seo.


Moltar duit an t-eolas sa leabhrán seo faoi léachtaí agus faoi mheasúnuithe a léamh go cúramach. Má thagann aon athrú ar an eolas seo, cuirfear é sin in iúl trí mheán an ríomhphoist.

Gaeltacht bheag ar champas é **Áras na Gaeilge**! Is mian linn pobal Gaeilge a chothú anseo mar sin is í **an Ghaeilge amháin** a labhraítear ann – sna seomraí ranga, sa léachtlann, sna dorchlaí, agus sa chaife.

Beidh **measúnú leanúnach** ar siúl sna ranganna teanga. Beidh na torthaí sin mar chuid de do mharc iomlán ag deireadh na bliana don chéad suí. Ní ghlacfar le hobair mura bhfuil an mac léinn ag freastal ar na ranganna teanga gach seachtain.

Beidh 6 uair a chloig teagaisc agat in aghaidh na seachtaine: **4 léacht** agus **1 rang teanga** (dhá uair an chloig ar fad).

 Má dhéanann tú teagmháil le do theagascóir/léachtóir, cuimhnigh gur **comhfhreagras oifigiúil ollscoile** é sin. Ba chóir an meas cuí a léiriú agus tús agus críoch fhoirmeálta a chur leis an ríomhphost. (Mar shampla: *A Ríóna, a chara, ……. Is mise le meas, Diarmuid*). Ba chóir gach teagmháil le baill Roinn na Gaeilge a dhéanamh **as Gaeilge**. Seans nach bhfaighidh tú freagra láithreach bonn – cuimhnigh go mbíonn foireann Roinn na Gaeilge ag obair leis na céadta mac léinn gach seachtain agus ag díriú ar an teagasc agus ar thaighde chomh maith.

 Ar scáth a chéile a mhaireann na daoine agus is ar scáth a chéile a fhoghlaimíonn na mic léinn. Tacaígí lena chéile; cruthaigí deiseanna dá chéile an Ghaeilge a labhairt agus bainigí leas as na cumainn Ghaeilge le haithne a chur ar mhic léinn eile agus le *sult* a bhaint as saol na hOllscoile.
Is pobal teanga sinn.

Bain sult agus tairbhe as an mbliain atá romhat amach. Má tá aon cheist agat, déan teagmháil liom!

*Ríóna*

An tOllamh Ríóna Ní Fhrighil

riona.nifhrighil@ollscoilnagaillimhe.ie

**Ceann Roinn na Gaeilge agus Comhordaitheoir na Dara Bliana**

| SONRAÍ TEAGMHÁLA | |
|---|---|
| **Ceann Roinn na Gaeilge & Comhordaitheoir 2BA** | An tOllamh Rióna Ní Fhrighil<br>Seomra 205, Áras na Gaeilge<br><br>091 49 2585<br>riona.nifhrighil@ollscoilnagaillimhe.ie |
| **Riarthóir Roinn na Gaeilge:** | Fiona de Paor<br>Seomra 215, Áras na Gaeilge<br><br>091 49 2564<br>fiona.depaor@ollscoilnagaillimhe.ie |
| **Láithreán Gréasáin:** | **https://www.universityofgalway.ie/gaeilge/** |

# Léachtóirí na gCroímhodúl Litríochta & Cultúir (2025-26)

| | |
|---|---|
|  | **An tOllamh Tadhg Ó hIfearnáin**<br>BA, PhD<br>Seomra: 119, folíne: 2560<br>Ríomhphost: tadhg.ohifearnain@ollscoilnagaillimhe.ie<br><br>**Réimsí taighde agus teagaisc:** Teanga agus sochaí, go háirithe teangeolaíocht agus sochtheangeolaíocht na Gaeilge, Ghaeilge na hAlban agus Mhanann; teangacha mionlaithe agus neamhfhorleathana; caighdeáin agus canúintí; an choimhlint teanga; teanga agus saíocht na Gaeilge ón 17ú haois i leith.<br><br>**NG2100 (Seim. 1) & NG2108 (Seim. 2)** |

| | |
|---|---|
|  | **An Dr Jeannine Woods**, BA, MA, PhD<br>Seomra: 213, folíne: 3960<br>Ríomhphost: jeannine.woods@ollscoilnagaillimhe.ie<br><br>**Réimsí taighde agus teagaisc:** léann an iarchoilíneachais; scannánaíocht na Gaeilge; drámaíocht na Gaeilge; an inscne agus an ghnéasúlacht i litríocht agus dioscúrsa na Gaeilge; an chritic iarchoilíneach agus chultúrtha.<br><br>**NG2101 (Seim. 1) & NG2102 (Seim. 2)** |

| | |
|---|---|
|  | **An tOllamh Ríóna Ní Fhrighil**, BA, MPhil, PhD<br>Seomra: 205, folíne: 2585<br>Ríomhphost: riona.nifhrighil@ollscoilnagaillimhe.ie<br><br>**Réimsí taighde agus teagaisc:** Nuaphrós na Gaeilge; An tAistriúchán Liteartha; An Nuafhilíocht agus Cearta an Duine <https://roc.nuigalway.ie/><br><br>**NG2109 (Seim. 2*)*** |

## Léachtóirí na gCroímhodúl Teanga

| | |
|---|---|
|  | **Anne Corbett,** BA, ADO, MA<br>Seomra: 210<br>Ríomhphost: anne.corbett@ollscoilnagaillimhe.ie<br><br>**Réimsí taighde agus teagaisc**: Teanga na Nua-Ghaeilge<br><br>**NG227 (Seim. 1) & NG228 (Seim. 2)** |

| | |
|---|---|
|  | **Caroline Ní Nia** BA, MA, DMG<br>Seomra: 210<br>Ríomhphost: caroline.ninia@ollscoilnagaillimhe.ie<br><br>**Réimsí taighde agus teagaisc:** Teanga na Nua-Ghaeilge<br><br>**NG227 (Seim. 1) & NG228 (Seim. 2)** |

| | |
|---|---|
| | **Giollíosa Uí Lorcáin**, BA, MA<br>Seomra: 201<br>Ríomhphost: guilorcain@ollscoilnagaillimhe.ie<br><br>**NG227 (Seim. 1) & NG228 (Seim. 2)** |

## Léachtóirí na Modúl Roghnach (Seim 2)

| | |
|---|---|
|  | **NG2102: Scannánaíocht na Gaeilge**<br><br>**An Dr Jeannine Woods**, BA, MA, PhD<br>Ríomhphost: jeannine.woods@ollscoilnagaillimhe.ie |
|  | **NG2103: Teanga na Sean-Ghaeilge I**<br><br>**An Dr Oisín Ó Muirthile**, BA, MA, PhD<br>Ríomhphost: oisin.omuirthile@ollscoilnagaillimhe.ie |
|  | **NG2104: Na Meáin Chumarsáide agus an Ghaeilge**<br><br>**An Dr John Walsh**, BA, MA, PhD<br>Ríomhphost: john.walsh@ollscoilnagaillimhe.ie |
|  | **NG2107: Ainmneacha, Sloinnte agus Logainmneacha na hÉireann**<br><br>**An Dr Liam Ó hAisibéil**, BA, MA, PhD<br>Ríomhphost: liam.ohaisibeil@ollscoilnagaillimhe.ie |

**Ar lean lch. 8**

| | |
|---|---|
|  | **NG2108 Canúint agus Caighdeán**<br><br>**An tOllamh Tadhg Ó hIfearnáin,** BA, PhD<br>Ríomhphost: tadhg.ohifearnain@ollscoilnagaillimhe.ie |
|  | **NG2113 An Chaointeoireacht i dTraidisiún na Gaeilge**<br><br>**An Dr Ailbhe Nic Giolla Chomhaill**, BA, MA, PhD<br>Ríomhphost:<br>ailbhe.nicgiollachomhaill@ollscoilnagaillimhe.ie |
| | **MA2104 Matamaitic don Inbhuanaitheacht**<br><br>**An Dr Fintan Hegarty**, BSc, PhD<br><br>Ríomhphost: fintan.hegarty@ollscoilnagaillimhe.ie<br><br>**Réimsí taighde agus teagaisc:** Oideachas sa Mhatamaitic; Inbhunaitheacht; Matamaitic Ríomhaireachtúil |

# An Dara Bliain 2025-2026: Amchlár

**Seimeastar 1**
**8 Meán Fómhair – 28 Samhain 2025**

| | Luan | Máirt | Céadaoin | Déardaoin | Aoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 9-10 | | | NG2101<br>**An Gearrscéal sa Ghaeilge**<br>An Dr Woods | | |
| 10-11 | | NG2100<br>**An tSochtheangeolaíocht**<br>An tOll. Ó hIfearnáin | | | |
| 11-12 | | | | | |
| 12-1 | | | | | |
| 1-2 | | | | | |
| 2-3 | | | | | |
| 3-4 | | | | | |
| 4-5 | | | NG2100<br>**An tSochtheangeolaíocht**<br>An tOll. Ó hIfearnáin | | |
| 5-6 | | | | NG2101<br>**An Gearrscéal sa Ghaeilge**<br>An Dr Woods | |

**Ionad na léachtaí:** Téatar Chearbhalláin, Áras na Gaeilge

****** Modúl NG227: Teanga na Nua-Ghaeilge I (Seim. 1)*******
Beidh **dhá uair an chloig ranganna teagaisc Gaeilge** le déanamh agat in aghaidh na seachtaine chomh maith. Socrófar na ranganna teagaisc ag tús na bliana.

OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

# An Dara Bliain 2024-2025: Amchlár

**Seimeastar 2**
**13 Eanáir – 4 Aibreán 2026**

| | Luan | Máirt | Céadaoin | Déardaoin | Aoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 9-10 | | | NG2109 **Nuafhilíocht na Gaeilge** An tOll. Ní Fhrighil | | |
| 10-11 | | Modúl Roghnach (NG2102 nó NG2013 nó NG2014 nó NG2107 nó NG2108 nó NG2113) | | | |
| 11-12 | | | | | |
| 12-1 | | | | | |
| 1-2 | | | | | |
| 2-3 | | | | | |
| 3-4 | | | | | |
| 4-5 | | | Modúl Roghnach (NG2102 nó NG2013 nó NG2014 nó NG2107 nó NG2108 nó NG2113) | | |
| 5-6 | | | | NG2109 **Nuafhilíocht na Gaeilge** An tOll. Ní Fhrighil | |

**Ionad do NG2109:** Téatar Chearbhalláin, Áras na Gaeilge

**Ionad do na modúil roghnacha:** Le deimhniú

****** Modúl NG228: Teanga na Nua-Ghaeilge I (Seim. 2)******* Beidh **dhá uair an chloig ranganna teagaisc Gaeilge** le déanamh agat in aghaidh na seachtaine chomh maith. Socrófar na ranganna teagaisc ag tús na bliana.

## Modúil 2BA – Marcanna

| Modúl | ECTS | Marcanna |
|---|---|---|
| | | |
| | **SEIM. 1** | |
| NG2100 | 5 | **100** (measúnú scríofa) |
| NG2101 | 5 | **100** (measúnú scríofa/físe) |
| NG227 | 5 | **200** (scrúdú scríofa)<br>**100** (measúnú leanúnach) |
| | **SEIM. 2** | |
| NG2109 | 5 | **100** (measúnú scríofa/físe) |
| Modúil Roghnacha | 5 | **100** (measúnú) |
| NG228 | 5 | **150** (scrúdú scríofa)<br>**75** (measúnú leanúnach)<br>**75** (scrúdú cainte) |

# NG227 agus NG228

## Teanga na Nua-GhaeilgeI agus Teanga na Nua-Ghaeilge II

**Cur síos ar na modúil:**

Tá sé d'aidhm ag na modúil teanga seo cur le scileanna Gaeilge an mhic léinn i dtaca le cruinneas, stór focal léitheoireacht, scríobh, cluastuiscint, labhairt, foghraíocht agus oiriúnach shochtheangeolaíoch i dtreo is go mbeidh sé/sí ábalta déileáil leis na riachtanais Ghaeilge a bhaineann le clár an BA. Baintear úsáid as meascán measúnachta chun scileanna an mhic léinn a thástáil, idir ghníomhaíochtaí ranga, mheasúnacht leanúnach, scrúdú scríofa agus scrúdú cainte. Tá na modúil seo bunaithe ar an tionscadal siollabais náisiúnta don Ghaeilge ar an tríú leibhéal (www.teagascnagaeilge.ie) atá ag leibhéal B2 den Fhráma Tagartha Comónta Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha.

**Torthaí Foghlama NG227 & NG228:**

*Ar chríochnú sásúil na modúl seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Scileanna labhartha agus cruinneas scríofa Gaeilge a léiriú ag leibhéal B2 den Chomhchreat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha.
2. Tuiscint chruinn a léiriú ar chanúintí na Gaeilge.
3. Anailís níos doimhne a dhéanamh ar théacsanna.
4. Déileáil le raon níos leithne ábhar, seánraí agus réimeanna teanga.

**Measúnú na Modúl:**

Seim. 1: Measúnú Leanúnach (33%) agus Scrúdú Scríofa (67%)

Seim. 2: Measúnú leanúnach (25%); Scrúdú Scríofa (50%); Scrúdú Cainte (25%)

**Tabhair faoi deara:** ***Má theipeann ar mhac léinn i modúl NG227 nó NG228, ní chuirtear na marcanna don mheasúnú leanúnach san áireamh sa dara suí.***

***Ní féidir pás trí chúiteamh a fháil i modúl teanga. Is cuid riachtanach de NG228 an scrúdú cainte.***

**Croíthéacsanna do gach rang teanga:**

- **Mac Murchaidh, C., 2016, *Cruinnscríobh na Gaeilge.*, Cois Life.**
- **Lámhleabhar 2BA (Roinn na Gaeilge, Ollscoil na Gaillimhe)**

# NG2100: An tSochtheangeolaíocht (Seim. 1)

An tOllamh Tadhg Ó hIfearnáin

**Cur síos ar an modúl:**
Scrúdaíonn an tSochtheangeolaíocht an ceangal idir an teanga agus an tsochaí: úsáid teangacha i measc an phobail agus idé-eolaíocht an phobail agus na n-údarás i leith na dteangacha sin. Tá sé d'aidhm ag an modúl seo go bhfaighidh mic léinn léargas ar chuid de na coincheapa is tábhachtaí ó thaobh shochtheangeolaíocht na mionteanga agus go mbeidh ar a gcumas iad a phlé i gcomhthéacs na Gaeilge. Tabharfar léargas ar an malartú teanga sa phobal idir theoiricí agus chás na hÉireann, go háirithe ón 19ú haois go dtí an lá inniu. Déanfar anailís ar an dóigh a ndeachaigh agus a dtéann daoine agus an stát i ngleic le teangacha a chothú nó a bhainistiú tríd an bpleanáil agus an beartas teanga. Léireofar scéal agus sainiú na Gaeltachta agus pléifear chomh maith ceisteanna a bhaineann le teanga, pobal agus gréasáin, le cearta teanga agus le 'nuachainteoirí' theangacha éagsúla. I ngach cás, míneofar tábhacht na gcoincheap sin ó thaobh na Gaeilge.

**Torthaí Foghlama an mhodúil:**
*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Coincheap an mhalartaithe teanga a thuiscint agus an próiseas a mhíniú ó thaobh an duine, an teaghlaigh agus an phobail de.
2. Stair agus ar bhunteoiricí na pleanála teanga agus an beartas teanga a thuiscint agus a phlé go cumasach.
3. Cur síos a dhéanamh ar choincheapa a bhaineann le teanga, pobal agus gréasáin agus iad a chur i bhfeidhm ar chás na Gaeilge.
4. Cearta teanga a thuiscint agus na cearta sin a mhíniú agus a phlé i gcomhthéacs na Gaeilge.
5. Coincheap an 'nuachainteora' a thuiscint agus tábhacht an choincheapa sin ó thaobh na Gaeilge a phlé.

**Measúnú an Mhodúil:**
Measúnacht Leanúnach (100%).

**Cuirfidh an léachtóir leabharliosta ar fáil ag tús an chúrsa.**

# NG2101: An Gearrscéal sa Ghaeilge (Seim. 1)

An Dr Jeannine Woods

**Cur síos ar an modúl:**
Tugann an modúl tuiscint agus léargas don mhac léinn ar an gcomhthéacs liteartha agus cultúrtha inar cumadh an gearrscéal sa Ghaeilge. Déanfar plé ar fhorás agus forbairt na nualitríochta agus na gearrscéalaíochta Gaeilge sa 20ú haois.

**Torthaí Foghlama an mhodúil:**
*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Scagadh a dhéanamh ar fhorbairt na gearrscéalaíochta sa Ghaeilge in imeacht an 20ú haois agus anuas go dtí urlár na linne seo.
2. Eolas cruinn a thabhairt faoi ghearrscéalaithe ar leith a raibh tionchar mór acu ar shaothrú na gearrscéalaíochta sa tréimhse ó thús an 20ú haois ar aghaidh.
3. Anailís liteartha a dhéanamh ar théamaí éagsúla a saothraíodh go leanúnach i ngearrscéalaíocht na Gaeilge sa 20ú haois.
4. Cuntas a thabhairt ar an gcomhthéacs cultúir agus teanga inar saothraíodh an gearrscéal sa Ghaeilge.
5. Forbairt chuí a dhéanamh ar a scileanna léitheoireachta.

**Measúnú an Mhodúil:**
Ábhar scríofa agus físe (100%)

**Cuirfidh an léachtóir leabharliosta ar fáil ag tús an chúrsa.**

## NG2109: Téamaí i Nuafhilíocht na Gaeilge (Seim. 2)

An tOllamh Ríóna Ní Fhrighil

**Cur síos ar an modúl:**
Baineann an modúl seo le saothrú na nuafhilíochta ó thús an 20ú haois ar aghaidh. Díreofar ar an gcomhthéacs teanga agus cultúrtha inar saothraíodh an nuafhilíocht. Pléifear na mórthéamaí a saothraíodh le linn na tréimhse. Déanfar anailís théacsúil ar dhánta ar leith a cumadh le linn na tréimhse. Is modúl roghnach é seo do mhic léinn atá i mbun staidéir ar chlár an BA *CONNECT*.

**Torthaí Foghlama an mhodúil:**
*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Cuntas a thabhairt ar fhás agus ar fhorbairt na nuafhilíochta Gaeilge ó 1900 ar aghaidh.
2. Eolas cruinn a thabhairt faoi shaothar na mórfhilí a raibh tionchar mór acu ar shaothrú na nuafhilíochta sa tréimhse ó thús an 20ú haois ar aghaidh.
3. Anailís liteartha a dhéanamh ar théamaí éagsúla a saothraíodh go leanúnach i nuafhilíocht na Gaeilge sa 20ú haois.
4. Cuntas a thabhairt ar an gcomhthéacs cultúir agus teanga inar saothraíodh an nuafhilíocht sa Ghaeilge.
5. Scileanna léitheoireachta a chleachtadh agus a fhorbairt.
6. Saibhriú teanga.

**Measúnú an Mhodúil:**
Ábhar scríofa agus físe (100%)

**Cuirfidh an léachtóir leabharliosta ar fáil ag tús an chúrsa.**

# Modúil 2BA – Modúil Roghnacha

Cuirtear modúil roghnacha ar fáil sa dara seimeastar den 2BA a chuirfidh le heolas an mhic léinn maidir le réimsí éagsúla taighde i Léann na Gaeilge. Ní mór do mhic léinn clárú ar líne le haghaidh **ceann amháin de na modúil** seo ag tús na bliana acadúla (mí Lúnasa go hiondúil). Go hiondúil, bíonn teorainn c. 15-20 mac léinn in aghaidh an mhodúil.

## NG2102: Scannánaíocht na Gaeilge

**[An Dr Jeannine Woods]**

**Cur síos ar an modúl:**

Tabharfar léargas agus déanfar iniúchadh ar theanga agus ar chóid na scannánaíochta; cúlra agus forás na scannánaíochta; stair na scannánaíochta in Éirinn – Éire agus an Ghaeilge sa scannánaíocht; scannánaíocht chomhaimseartha na Gaeilge.

**Torthaí Foghlama an mhodúil:**

*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. An scannán mar théacs
2. Mórghnéithe de theanga agus cóid na scannánaíochta
3. Stair na scannánaíochta in Éirinn
4. Ról na scannánaíochta i ndioscúrsa na Gaeilge

**Measúnú an Mhodúil:**

Léirmheas ar scannán (25%), Aiste (75%).

**Cuirfidh an léachtóir leabharliosta ar fáil ag tús an chúrsa.**

## NG2103: Teanga na Sean-Ghaeilge I

**[An Dr Oisín Ó Muirthile]**

**Cur síos ar an modúl:**

Sa mhodúl seo, cuirfear tús le staidéar ar theanga na Sean-Ghaeilge, an teanga a scríobhadh in Éirinn ó c.700-900 AD. Cuirfear béim ar ghramadach na Sean-Ghaeilge go háirithe. Léifear roinnt sleachta litríochta, idir phrós agus fhilíocht freisin, ionas gur féidir le mic léinn taithí a fháil ar théacsanna ón tréimhse féin a léamh agus a aistriú chomh maith le anailís a dhéanamh ar an teanga atá iontu.

Torthaí Foghlama an mhodúil:

1. Bunstruchtúr theanga na Sean-Ghaeilge a thuiscint.
2. Gramadach na teanga go leibhéal cuí a thuiscint.
3. Foclóir na Sean-Ghaeilge go leibhéal cuí a shealbhú.
4. Cuid den taisce teanga agus litríochta na Gaeilge is sine dá bhfuil againn a léamh agus a aistriú.

**Measúnú an Mhodúil:**

Measúnú leanúnach 100%

## NG2104: Na Meáin Chumarsáide agus an Ghaeilge

**[An Dr John Walsh]**

**Cur síos ar an modúl:**

Cuireann an modúl seo mic léinn ar an eolas faoi ról agus faoi úsáid na Gaeilge i meáin chumarsáide na hÉireann, idir chraolta agus leictreonacha, ó bunaíodh an stát. Tabharfar léargas don mhac léinn ar thábhacht na meán cumarsáide do theangacha mionlaithe ar nós na Gaeilge agus ar na bealaí ina ndéanann na meáin forbairt ar an teanga féin. Pléifear an nasc idir féiniúlacht, na meáin agus an Ghaeilge, go stairiúil agus go comhaimseartha**.**

**Torthaí Foghlama an mhodúil:**

*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Cur síos agus anailís a dhéanamh ar thábhacht na meán cumarsáide do theangacha mionlaithe ar nós na Gaeilge.
2. Plé agus anailís a dhéanamh ar ról agus ar úsáid na Gaeilge i meáin chraolta agus leictreonacha na hÉireann ó bunaíodh an stát.
3. Anailís a dhéanamh ar an nasc idir féiniúlacht, na meáin agus an Ghaeilge go stairiúil agus/nó go comhaimseartha.
4. Cás-staidéar faoi ghné amháin de scéal na Gaeilge sna meáin, mar shampla na sainseirbhísí RTÉ Raidió na Gaeltachta agus/nó TG4, a chur i láthair.

**Measúnú an Mhodúil:**

Measúnacht Leanúnach (100%)

**Cuirfidh an léachtóir leabharliosta ar fáil ag tús an chúrsa.**

## NG2107: Ainmneacha, Sloinnte agus Logainmneacha na hÉireann

**[An Dr Liam Ó hAisibéil]**

**Cur síos ar an modúl:**

Sa mhodúl seo, déanfaidh tú staidéar ar ghnéithe éagsúla d'ainmneacha pearsanta, sloinnte agus logainmneacha na hÉireann. Déanfaidh tú iniúchadh ar bhunús, ar fheidhm, ar fhorbairt, ar bhrí agus ar struchtúr ainmneacha pearsanta, sloinnte agus logainmneacha na tíre seo.

**Torthaí Foghlama an mhodúil:**

*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Plé simplí a dhéanamh ar bhunús, ar bhrí, agus ar fhorbairt roinnt ainmneacha pearsanta, sloinnte, agus logainmneacha coitianta in Éirinn.
2. Idirdhealú a dhéanamh idir na bealaí is éifeachtaí le taighde a dhéanamh, a chuirfidh lenár n-eolas ar an réimse léinn seo.
3. Na dúshláin a thagann chun cinn sa ghramadach maidir le hainmneacha agus logainmneacha na Gaeilge a aithint agus a láimhseáil.
4. Cur síos a dhéanamh ar thionchar an Bhéarla ar ainmneacha pearsanta, sloinnte, agus logainmneacha in Éirinn.

5. Cuntas a thabhairt ar an obair atá tugtha chun críche ag mórscoláirí na réimse le 200 bliain anuas.

**Measúnú an Mhodúil:**
Measúnacht Leanúnach (40%), Aiste/Togra (60%)

**Cuirfidh an léachtóir leabharliosta ar fáil ag tús an chúrsa.**

## NG2108: Canúint agus Caighdeán

**[An tOllamh Tadhg Ó hIfearnáin]**

**Cur síos ar an modúl:**
Dírítear sa mhodúl seo ar chanúintí réigiúnacha na Gaeilge agus ar mhúnlú agus ar chur i bhfeidhm an Chaighdeáin Oifigiúil. Tabharfar léargas ar shaintréitheacht na Gaeilge bunaithe ar stair na teanga labhartha agus scríofa agus ar léann na canúineolaíochta mar dhisciplín. Déanfar anailís ar chóras fuaimeanna na Gaeilge. Míneofar an Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta agus na leaganacha a mbaintear leas astu i léann na Gaeilge agus déanfar cleachtadh leo. Déanfar staidéar ar an éagsúlacht ar na difríochtaí idir canúintí comhaimseartha agus stairiúla na Gaeilge agus díreofar ar thréithe de chanúintí faoi leith. Míneofar an caighdeánú mar phróiseas pleanála teangeolaíochta agus díreofar ar chás na Gaeilge ó thréimhse na hAthbheochana i leith.

**Torthaí Foghlama an mhodúil:**
*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Córas fuaimeanna na Gaeilge a thuiscint agus a bheith ábalta an téarmaíocht chuí theangeolaíochta a úsáid le cur síos ar fhoghair na teanga.
2. Tuisicint ar an Aibítir Idirnáisiúnta Foghraíochta agus ar na leaganacha de a mbaintear leas astu i léann canúineolaíochta na Gaeilge a léiriú agus bheith ábalta téacsanna fogharscríofa a léamh agus a scríobh.
3. Canúintí comhaimseartha agus stairiúla na Gaeilge a aithint agus saintréitheacht na Gaeilge a mhíniú.
4. Caighdeánú teanga mar phleanáil teangeolaíochta a phlé go cumasach sa chomhthéacs idirnáisiúnta agus scéal chaighdeánú na Gaeilge a iniúchadh go criticiúil.

**Measúnú an Mhodúil:**
Measúnacht Leanúnach (100%)

**Cuirfidh an léachtóir leabharliosta ar fáil ag tús an chúrsa.**

## NG2113: An Chaointeoireacht i dTraidisiún na Gaeilge

**[An Dr Ailbhe Nic Giolla Chomhaill]**

**Cur síos ar an modúl:**
Cúrsa é seo a dhíríonn ar thraidisiún na caointeoireachta i gcultúr béil na hÉireann. Déantar iniúchadh sa chúrsa ar fhoinsí liteartha agus béaloidis ar mhaithe le tuiscint a fhorbairt ar chomhthéacs, ar chleachtas, agus ar fheidhm na caointeoireachta sa tsochaí Ghaelach**.**

**Torthaí Foghlama an mhodúil:**
*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Cuntas a thabhairt ar an chaointeoireacht i gcomhthéacs chultúr béil na hÉireann.
2. Anailís a dhéanamh ar Caoineadh Airt Uí Laoghaire agus ar chaointe eile atá tagtha anuas againn ón 18ú haois i leith.
3. Tuiscint a léiriú ar ról na mná caointe sa tsochaí Ghaelach.
4. Scagadh a dhéanamh ar fhoinsí critice a bhaineann le hábhar.
5. Scileanna léitheoireachta agus urlabhra a chleachtadh agus a fhorbairt.
6. Saibhriú teanga.

**Measúnú an Mhodúil:** Measúnú leanúnach (100%)

**Cuirfidh an léachtóir leabharliosta ar fáil ag tús an chúrsa.**

## MA2104: Matamaitic don Inbhuanaitheacht

**[An Dr Fintan Hegarty]**

**Cur síos ar an modúl:**
Sa mhodúl seo, pléifear roinnt coincheap matamaiticiúil a bhaineann le cúrsaí inbhuanaitheachta, agus tabharfar scileanna anailíse agus taighde do scoláirí. I ré seo an athraithe aeráide, is ceist phráinneach í an inbhuanaitheacht. Gheobhaidh mic léinn nach bhfuil cúlra sa mhatamaitic acu buntuiscint ar réimsí tábhachtacha den mhatamaitic, agus cuirfear scoláirí a bhfuil staidéar déanta acu cheana ar an eolas faoi choincheapa suimiúla. Bainfear úsáid as bogearraí cuí. Déanfar na coincheapa matamaitice a phlé i gcomhthéacs na hinbhuanaitheachta.

**Torthaí Foghlama an mhodúil:**
*Ar chríochnú sásúil an mhodúil seo, beidh an foghlaimeoir in ann:*

1. Ceisteanna bunúsacha faoi ailgéabar, calcalas, dóchúlacht & staitisticí, maitrísí a réiteach.
2. Bogearraí a úsáid le breathnú ar fhás daonra agus ar leathadh galar.
3. Ciall a bhaint as graif agus sonraí staitisticiúla.
4. Anailís chriticiúil a dhéanamh ar mhúnlaí.

**Measúnú an Mhodúil:** Measúnú leanúnach (100%)

## Treoirlínte maidir le Scríobh Aistí i Roinn na Gaeilge

**Iarrtar ar mhic léinn na treoirlínte seo a leanas a leanúint agus aistí á scríobh acu:**




- Ní foláir an **leathanach clúdaigh comhlánaithe** a úsáid le gach aiste. Beidh cóip den leathanach sin ar fáil do gach modúl ar **Canvas**.
- Ba cheart gach aiste a chlóscríobh i **gcló 12** agus le **spásáil 1.5**.
- Déan profáil cháiréiseach ar d'aiste sula gcuirfidh tú isteach í. Má bhíonn cúrsaí litrithe, gramadaí srl., i gceart rachaidh sé sin i bhfeidhm ar an scrúdaitheoir.



- Bí cinnte go bhfuil uimhir ar chuile leathanach. Bain úsáid as **dhá thaobh** an leathanaigh.
- **<u>Ná cuir</u>** clúdach plaisteach ná clúdach ar bith eile ar an aiste. Is leor na leathanaigh a cheangal le stápla amháin.



- Bí cinnte go dtuigeann tú polasaí na hOllscoile maidir le **bradaíl liteartha** agus cloígh leis an bpolasaí sin i gcónaí. Féach [https://www.universityofgalway.ie/academicintegrity/](https://www.universityofgalway.ie/academicintegrity/)




©Dries Buytaert

- Caithfidh tú do chuid oibre féin a chur faoi bhráid an léachtóra. Is ionann úsáid a bhaint as an intleacht shaorga le tasc nó le cuid de thasc a scríobh agus bradaíl. Cuirfear píonós ar an mhac léinn a bhaineann úsáid mhíchuí as acmhainní ar líne de réir rialacha na hOllscoile.

**CÓRAS TAGATHA & LEABHARLIOSTA**

- Lean córas aitheanta tagartha maidir le fonótaí, tagairtí do shaothair eile srl., agus cuir leabharliosta cuimsitheach le d'aiste. Tá cóip de Bhileog Stíle Roinn na Gaeilge ag deireadh an leabhráin eolais seo.

## Roinn na Gaeilge

## Bileog Stíle/Treoir faoi Thagairtí

Tá sé thar a bheith tábhachtach aon fhoinse eolais a úsáideann tú a lua **i gceart** in aon phíosa oibre a thugann tú do léachtóir (aiste, tionscadal srl.). **Is féidir teip a thabhairt do mhac léinn nach ndéanann é seo, toisc gur bradaíl liteartha atá ann.** Cloítear mar sin leis na rialacha atá i bhfeidhm go ginearálta maidir le liosta leabhar/liosta foinsí Idirlín srl., a chur le chéile. Is é **Harvard** an córas a mholtar agus is air sin atá an treoir seo bunaithe.

Má tá taithí agat ar chóras aitheanta eile, is féidir é sin a úsáid ach ní mór duit cloí le córas amháin.

## A. Tagairtí agus Píosaí Athfhriotail (san aiste féin)

Is iondúil go dtagraítear do thuairimí údar eile in aiste acadúil le tuairimí agus pointí eolais a léiriú. Nuair a bhaineann tú úsáid as focail údair eile i d'aiste féin, cuireann tú an fhoinse in iúl mar seo a leanas:

**Sampla** [**tagairt dhíreach**]:

Tuigtear do Nic Eoin go bhfuil oiliúint an aistritheora le sonrú ar fhilíocht an Bhreathnaigh agus ar an tsainúsáid a bhaineann sé as focail:

> Is ag plé go heolaíochtúil le focail a bhíonn an téarmeolaí agus an t-aistritheoir, á scagadh, á gcumadh agus á gceartú, á múnlú, á n-ionramháil agus á roghnú ar mhaithe le cruinneas agus soiléire machnaimh agus cumarsáide. Sílim go dtagann cuid mhaith de thréithe na filíochta ag Colm Breathnach as an údarás teangeolaíoch sin atá ar a chúl. (Nic Eoin, 2010: 233)
>
> [NB: Tá an sliocht thuas **eangaithe,** i gcló 10 agus tá spásáil shingil anseo. Níl uaschamóga in úsáid.]

Más amhlaidh go dtugann tú achoimre **i d'fhocail féin** ar a rud a dúirt údar eile (is é sin, mura bhfuil sliocht as a shaothar tugtha focal ar fhocal i d'aiste), cuireann tú an fhoinse in iúl mar seo:

**Sampla** [**tagairt indíreach**]:

Áitíodh gurbh í íogaireacht na linne faoin duine agus an pobal ina maireann sé an tionchar idirnáisiúnta ba mhó a bhí ar an úrscéal nua-aimseartha Gaeilge ó bhlianta an chogaidh i leith (Titley, 1991: 520).

***<u>Gnéithe eile</u>***

**Dátaí:** Ba cheart iad a chur mar seo: 5 Meitheamh 2012. Scríobh 'na caogaidí' in ionad 'na 50í'.

**Uimhreacha:** Ba cheart na huimhreacha níos lú na 10 a chur i bhfoirm scríofa: 'sé theach'. Nuair atá níos mó ná 10 i gceist, úsáidtear na figiúirí féin: '141 timpiste'. Nuair a bhíonn céatadáin in úsáid, scríobhtar '16 faoin gcéad' sa téacs ach '16%' i aon táblaí atá in úsáid agat.

**Spásáil:** Ba cheart go mbeadh spásáil 1.5 in úsáid tríd an téacs ar fad ach amháin i gcás tagairtí díreacha - spásáil shingil a úsáidtear sa chás sin.

# B. Leabharliosta (Liosta foinsí ag deireadh an téacs)

Cuirtear liosta foinsí ar fáil ag deireadh na haiste. Tugann an liosta seo eolas cruinn don léitheoir faoi na foinsí a d'úsáid tú leis an aiste a scríobh. Ba cheart na foinsí a chur i gcatagóirí éagsúla más cuí: foinsí clóite, foinsí neamhfhoilsithe, foinsí leictreonacha, cláir raidió agus teilifíse srl.

- Ba cheart go mbeadh eolas cruinn faoin údar (nó faoin eagarthóir), dáta foilsithe, teideal an tsaothair agus faoin bhfoilsitheoir.

**2.1 Leabhair**
***Samplaí*:**

Ó Buachalla, B., 1996. *Aisling Ghéar: na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn 1603-1788*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

Ó Ruairc, M., 1997. *Aistrigh go Gaeilge: Treoirleabhar.* Baile Átha Cliath: Cois Life.

O'Donnell, J. & de Fréine, S., 1992. *Ciste Cúrsaí Reatha.* Baile Átha Cliath: An Foras Riaracháin.

Titley, A., 1991. *An tÚrscéal Gaeilge*. Baile Átha Cliath: An Clóchomhar.

**2.2 Ailt i Leabhair**
***Samplaí*:**

Mac Mathúna, L., 2003. 'Rannpháirtíocht sna Cúrsaí Difriúla Gaeilge ar an Tríú Leibhéal'. In: Ó Laoire, M. agus Ó Murchú, H. (eag.) *Teagasc na Gaeilge 8*. Baile Átha Cliath: Comhar na Múinteoirí Gaeilge, 48-59.

Denvir, G., 1997. 'Pádraic Ó Conaire agus Éire a Linne'. In: Denvir, G. (eag.) *Litríocht agus Pobal: Cnuasach Aistí*. Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 61-76.

**2.3 Ailt in Irisí/Nuachtáin Chlóite**

***Samplaí*:**

Mac Conghail, M., 2003. 'Aer is talamh tititthe ina chéile – aiste léirmheasa'. *Comhar*, 63(6), 3-7.

Holland, M., 1997. 'McAleese will give wrong message to Unionists'. *Irish Times,* 14 Deireadh Fómhair, 18.

**2.4 Dán nó gearrscéal i gcnuasach**

***Samplaí*:**

Ní Dhomhnaill, N., 1998. "Na Murúcha a Thriomaigh". *Cead Aighnis.* An Daingean: An Sagart, 15.

Ó Conghaile, M., 2006. "Ar Pinsean sa Leithreas". In: Ó Conchubhair, B. (eag.) *Gearrscéalta na Linne seo.* Indreabhán: Cló Iar-Chonnachta, 215-27.

**2.5 Foilseachán corparáideach nó rialtais**

***Samplaí*:**

Coimisiún na Gaeltachta, 2002. *Coimisiún na Gaeltachta: Tuarascáil/Report*. Baile Átha Cliath: Coimisiún na Gaeltachta.

Údarás na Gaeltachta, 2011. *Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2010*. Na Forbacha: Údarás na Gaeltachta.

**2.6 Cláir Raidió agus Teilifíse**

***Samplaí*:**

Breathnach, P., 'Soiscéal Pháraic', TG4, 6 Samhain 2005.

Handy, C., 'The Open Mind', RTÉ Radio 1, 6 Samhain 1997.

Ní Dhonnchú, B., 'Adhmhaidin', RTÉ Raidió na Gaeltachta, 1 Márta 2002.

**2.7 Agallaimh a rinneadh don taighde**

***Sampla*:**

Ó Neachtain, J.S., 2013. Agallamh le Joe Steve Ó Neachtain, scríbhneoir, An Spidéal, 1 Meán Fómhair.

**2.8 Cumarsáid phearsanta**

***Sampla*:**

Ó Cuirreáin, S., 2012. Cumarsáid phearsanta le Seán Ó Cuirreáin, An Coimisinéir Teanga, 9 Iúil.

**2.9 Tráchtais neamhfhoilsithe**

***Sampla*:**

Burke, W. J., 1968. 'A Contribution to the Phonology and Lexicon of the Irish of East Cork'. Tráchtas MA neamhfhoilsithe, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

**2.10 Foinsí Leictreonacha**

***2.10.1 Ábhar ar an Idirlíon***

***Samplaí*:**

Foras na Gaeilge, 2018. *Anailís ar mhúnlaí soláthair Gaelscolaíochta* [ar líne]. Baile Átha Cliath: Foras na Gaeilge. Ar fáil ag: http://www.forasnagaeilge.ie/anailis-ar-mhunlai-solathair-gaelscolaiochta/ (léite 1 Iúil 2018).

Ní Thuathaláin, M., 2018. *300 acht fós gan leagan Gaeilge agus cás cúirte tosaithe in aghaidh an stáit* [ar line]. Tuairisc.ie. Ar fáil ag: https://tuairisc.ie/300-acht-fos-gan-leagan-gaeilge-agus-cas-cuirte-tosaithe-in-aghaidh-an-stait/ (léite 5 Iúil 2018).

***2.10.2 Irisí leictreonacha***

***Sampla:***

Ní Chualáin, F., 2013. 'An Tumoideachas Tríú Leibhéal agus an Ollscolaíocht trí Ghaeilge: Eispéireas Foghlama na Mac Léinn'. *Léann Teanga: An Reiviú* [ar líne], 2013. Ar fáil ag: http://leannteangaanreiviu.oegaillimh.ie/node/141 (léite 1 Aibreán 2014).

***2.10.3 Dlúthdhioscaí/Fístéipeanna/Dioscaí***

***Sampla:***

Quinn, B., 2004. *Splanc Dheireadh na Gaeltachta* [DVD]. Cinegael/Gael Media (feicthe 23 Meán Fómhair 2009).

***Leagan leasaithe:***

***Lúnasa 2024***

## Polasaí maidir le Spriocdhátaí agus Measúnú Leanúnach

**Is gá cloí le gach spriocdháta a leagtar síos d'aiste nó do mheasúnú leanúnach. Má leagtar isteach aiste nó measúnú leanúnach go déanach gan cúis mhaith, is é seo polasaí na Roinne:**

- Bainfear **10%** den mharc a bhronntar an chéad tseachtain nó cuid de sheachtain atá an obair déanach (m.sh. más 60% a thuill an obair, bainfear 6% den mharc);
- Bainfear **20%** den mharc a bhronntar an dara seachtain nó cuid de sheachtain atá an obair déanach (m.sh. más 60% a thuill an obair, bainfear 12% den mharc);
- Bainfear **30%** den mharc a bhronntar an tríú seachtain nó cuid de sheachtain atá an obair déanach (m.sh. más 60% a thuill an obair, bainfear 18% den mharc).
- **Ní ghlacfar leis an obair ina dhiaidh sin.**
- I gcásanna eisceachtúla (m.sh. tinneas nó cúinsí pearsanta eile), is féidir síneadh ama a thabhairt do mhac léinn. I gcás mar sin, is faoin gComhordaitheoir Bliana a bheidh sé síneadh ama a cheadú.
- Is féidir leis an mac léinn na cúinsí a mhíniú do léachtóir, don Chomhordaitheoir Bliana nó do Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh.
- Is gá don mhac léinn teastas leighis nó fianaise eile scríofa (más ann dó) a thabhairt don Choláiste le go gceadófar síneadh ama. Mura bhfuil fianaise scríofa ann, is gá dó/di an Coláiste a shásamh go bhfuil cás bailí aige/aici.
- Nuair a bheidh an Coláiste sásta go bhfuil leithscéal bailí ann, cuirfidh sé an Ceann Roinne agus an Comhordaitheoir Bliana ar an eolas. Ní shárófar rúndacht an mhic léinn má tá ceist rúndachta ann.
- Déanfaidh an Comhordaitheoir Bliana, i gcomhar leis an léachtóir más gá, socrú faoin síneadh ama ina dhiaidh sin agus cuirfidh sé/sí an mac léinn agus an Ceann Roinne ar an eolas ar an ríomhphost.

## Polasaí maidir le Bradaíl/Tagairtí a úsáid

- Is gá úsáid a bhaint as leabharliosta an mhodúil ar an gcéad dul síos in aiste ollscoile.
- Is féidir ábhar breise nach bhfuil ar an leabharliosta a úsáid ach is gá a chinntiú gur ábhar acadúil atá ann.
- Is gá a bheith an-chúramach faoi ábhar eile nach ábhar acadúil é a úsáid in aiste, mar shampla scéalta nuachta agus suíomhanna idirlín ginearálta a mbíonn tóir ag an bpobal mór orthu. Má tá amhras ort faoi fhoinse, cuir ceist ar do léachtóir.
- Moltar do gach mac léinn polasaí na hollscoile faoin mbradaíl a léamh go cúramach: **https://www.universityofgalway.ie/academicintegrity/**
- Tá treoir faoi conas an bhradaíl a sheachaint ar fáil anseo: **https://libguides.library.universityofgalway.ie/c.php?g=543943&p=3727797**

- **Caithfear úsáid a bhaint as tagairtí acadúla i ngach aiste a chuirtear faoi bhráid Roinn na Gaeilge.** Is gá tagairtí a chur i dtéacs na haiste agus ag deireadh na haiste mar leabharliosta. Tá Bileog Stíle Roinn na Gaeilge ceangailte leis seo mar eolas duit. Is ceart an Bhileog seo, nó córas aitheanta tagartha eile, a úsáid.
- Sa chás nach léir don léachtóir gur leis an mac léinn féin an obair a cuireadh faoina b(h)ráid, iarrfar ar an mac léinn bualadh leis an léachtóir agus an t-ábhar a phlé leis/léi.